# An Reifreann ar Phósadh agus An Reifreann ar Aois Iarrthóirí Uachtaránachta

## Bí ar an eolas.
## Cuir do thuairim in iúl.

## 22 Bealtaine 2015

An Coimisiún Reifrinn

# Treoir
## Neamhspleách



refcom.ie

# An Coimisiún Reifrinn

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh faoi Acht an Reifrinn 1998. Is é Cathaoirleach an Choimisiúin reatha ná an Breitheamh Onórach Kevin Cross. Is iad seo a leanas na baill eile den Choimisiún: an tOmbudsman, Peter Tyndall; an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste, Seamus McCarthy; Leas-Chléireach na Dála, Peter Finnegan; agus Cléireach an tSeanaid, Deirdre Lane.

**An Coimisiún Reifrinn**
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, Éire.
**Teileafón:** 01 639 5695
**Íosghlao:** 1890 270 970
**Ríomhphost:** refcom@refcom.gov.ie
**Gréasán:** www.refcom.ie
**Twitter:** @RefCom_ie

Tá an foilseachán seo ar fáil i mBraille, ar dhlúthdhiosca agus i gcló mór ó NCBI. Tá sé ar fáil freisin i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ar shuíomh gréasáin Chumann Bodhar na hÉireann **irishdeafsociety.ie** agus ar **DeafHear.ie**

Curtha i gcló in Éirinn ar pháipéar arna fhoinsiú ó fhoraoisí atá bainistithe ar bhonn inbhuanaithe.

# Fáilte

Iarrfar ort Dé hAoine an 22 Bealtaine 2015 cinneadh a dhéanamh ar dhá thogra chun Bunreacht na hÉireann a athrú.



- **An Reifreann ar Phósadh:** Fiafraíonn sé seo díot an aontaíonn tú le clásal a chur isteach sa Bhunreacht a cheadóidh do bheirt pósadh gan idirdhealú ar bhonn gnéis.
- **An Reifreann ar Aois Iarrthóirí Uachtaránachta:** Fiafraíonn sé seo díot ar chóir an aois ag a bhféadfaidh duine a bheith ina (h)iarrthóir d'oifig an Uachtaráin a laghdú ó 35 bliain d'aois go 21 bliain d'aois.

Nuair a théann tú chun vótáil an 22 Bealtaine, tabharfar dhá pháipéar ballóide ar leithligh duit. Úsáidfear an páipéar ballóide **bán** don reifreann ar phósadh agus úsáidfear an ceann **glas** don Reifreann ar Aois Iarrthóirí Uachtaránachta. **Féadfaidh tú TÁ nó NÍL a vótáil ar an dá thogra.**

Tugtar tuairisc ghairid ar an dá thogra sa treoir seo. Tá tuairiscí agus faisnéis chúlra níos mionsonraithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin: **www.refcom.ie**

Is fút féin amháin atá sé cinneadh a dhéanamh ar an dóigh a vótálfaidh tú ar an dá thogra sin. Is é ról an Choimisiúin Reifrinn faisnéis neamhspleách a thabhairt duit faoi na tograí agus tú a spreagadh le vótáil orthu.

Is le muintir na hÉireann atá an Bunreacht agus is agaibhse amháin an chumhacht chun é a athrú. Tá sé tábhachtach go gcloisfear guth gach duine nuair atá cinneadh á dhéanamh ar cé acu ba chóir nó nár chóir an Bunreacht a athrú.

Nílimid ag argóint ar son vóta tá ná vóta níl. Molaimid go láidir duit tú féin a chur ar an eolas faoin dá reifreann agus vótáil sa dá reifreann.



**Kevin Cross,** Cathaoirleach, **An Coimisiún Reifrinn**

**refcom.ie**

# An Reifreann ar Phósadh

Sa reifreann seo, féadfaidh tú **TÁ** nó **NÍL** a vótáil ar an togra chun clásal nua a bhaineann le pósadh a chur isteach sa Bhunreacht. Foráiltear leis an gclásal nua sin go bhféadfaidh beirt pósadh gan idirdhealú ar bhonn gnéis.

Tá an leasú beartaithe ar an mBunreacht ar áireamh sa *Bhille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta) 2015.*

**Beartaítear an méid seo a leanas a chur le hAirteagal 41 den Bhunreacht:**

> **"Féadfaidh beirt, gan beann ar a ngnéas, conradh pósta a dhéanamh de réir dlí."**

## Forálacha dlíthiúla reatha maidir le pósadh

**Is é AN TEAGHLACH is teideal d'Airteagal 41 den Bhunreacht. Gheobhaidh tú thíos sliocht ón alt sin ina bhfuil na clásail seo a leanas:**

- "Admhaíonn an Stát gurb é an Teaghlach is buíon-aonad príomha bunaidh don chomhdhaonnacht de réir nádúir, agus gur foras morálta é ag a bhfuil cearta doshannta dochloíte is ársa agus is airde ná aon reacht daonna."
- "Ós é an Teaghlach is fotha riachtanach don ord chomhdhaonnach agus ós éigeantach é do leas an Náisiúin agus an Stáit, ráthaíonn an Stát comhshuíomh agus údarás an Teaghlaigh a chaomhnú."
- "Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí."

Ní thugtar sainmhíniú ar phósadh sa Bhunreacht agus ní leagtar amach ann ach oiread cé hiad na daoine atá i dteideal pósadh agus cé hiad na daoine nach bhfuil i dteideal pósadh. Is sa reachtaíocht a leagtar amach cé hiad na daoine atá i dteideal pósadh.

Tá na cúirteanna tar éis a chinneadh gur aontas idir fear agus bean an pósadh. Tá sé seo léirithe i reachtaíocht dá réir. Má ritear an reifreann, déanfar foráil sa Bhunreacht go bhféadfaidh beirt pósadh, is cuma an den dá ghnéas nó den ghnéas céanna iad.

Tá na cúirteanna tar éis a chinneadh gur "Teaghlach" sa chiall Bhunreachtúil é lánúin phósta le leanaí nó gan leanaí.

Níl na hoibleagáidí beachta atá ar an Stát chun ord an phósta a chosaint leagtha amach go mion i reachtaíocht ná ag na cúirteanna. Tá na cúirteanna tar éis a chinneadh go raibh dlíthe áirithe míbhunreachtúil mar gur chaith siad le lánúineacha pósta le níos lú fabhair ná mar a chaith said le daoine singile.

## Éifeacht an togra seo

**Sa chás go rithfear an reifreann seo:**

- Beidh beirt den ghnéas céanna in ann pósadh go díreach mar atá duine in ann duine den ghnéas eile a phósadh.
- Leanfar ar aghaidh ag leagan amach i reachtaíocht na rialacha mionsonraithe eile maidir le cé a fhéadann pósadh, mar shampla, rialacha faoi aois na bpáirtithe nó faoi ghaolta nach bhféadfaidh pósadh a chéile.
- Ní bheidh aon athrú ar stádas an phósta sa Bhunreacht.
- Beidh an stádas céanna faoin mBunreacht ag pósadh idir beirt den ghnéas céanna agus ag pósadh idir fear agus bean.
- Déanfar lánúin phósta den dá ghnéas nó den ghnéas céanna a aithint mar theaghlach agus beidh sí i dteideal na cosanta a thugtar sa Bhunreacht do theaghlaigh.

# An Reifreann ar Aois Iarrthóirí Uachtaránachta



Sa reifreann seo, féadfaidh tú **TÁ** nó **NÍL** a vótáil i leith an togra chun an aois ag a bhfuil **iarrthóirí** intofa chun oifig an **Uachtaráin** a laghdú ó **35** go **21**.

Tá an togra ar áireamh sa *Bhille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Aois Intofachta chun Oifig an Uachtaráin) 2015.*

**Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 12.4.1° den Bhunreacht faoi láthair:**

> **"Gach saoránach ag a bhfuil cúig bliana tríochad slán, is intofa chun oifig an Uachtaráin é."**

**Beartaítear an méid seo a leanas a chur ina áit:**

> **"Is intofa chun oifig an Uachtaráin gach saoránach ag a bhfuil bliain agus fiche slán."**

# Éifeacht an togra seo


**Sa chás go rithfear an reifreann seo:**

- Déanfar an aois ag a bhfuil iarrthóirí intofa chun oifig an Uachtaráin a laghdú ó 35 go 21.

- Ní bheidh aon athrú ar na forálacha eile sa Bhunreacht a bhaineann le hoifig an Uachtaráin, lena n-áirítear an próiseas chun duine a ainmniú mar iarrthóir chun oifig an Uachtaráin.



# An Reifreann ar Aois Iarrthóirí Uachtaránachta
# Age of Presidential Candidates Referendum



**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht
(Aois Intofachta chun Oifig an Uachtaráin), 2015

Thirty-fifth Amendment of the Constitution
(Age of Eligibility for Election to the Office of President) Bill 2015

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**
Place a mark in **one square only**

SAMPLE


| | |
|---|---|
| **Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo ..............<br>If you **approve**, mark X in this square ................ | **Tá**<br>**Yes** |
| **Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo .........<br>If you do **not approve**, mark X in this square......... | **Níl**<br>**No** |

Is **glas** atá an páipéar ballóide. The ballot paper is **green**.

Seo an áit a vótálann tú **TÁ** nó **NÍL** ach **X** a mharcáil de réir do rogha. Here's where you vote **YES** or **NO**, by marking an **X**, according to your preference.

# Páipéir Ballóide Samplach
# Sample Ballot Papers

## An Reifreann ar Phósadh | Marriage Referendum


**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta), 2015

Thirty-fourth Amendment of the Constitution (Marriage Equality) Bill 2015

Ná cuir marc **ach san aon cheamóg amháin**
Place a mark in **one square only**

**Má thoilíonn** tú, cuir X sa cheamóg seo ........ **Tá Yes**
If you **approve**, mark X in this square ........

**Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa cheamóg seo ........ **Níl No**
If you do **not approve**, mark X in this square........



Is **bán** atá an páipéar ballóide. The ballot paper is **white.**

Seo an áit a vótálann tú **TÁ** nó **NÍL** ach **X** a mharcáil de réir do rogha. Here's where you vote **YES** or **NO**, by marking an **X**, according to your preference.